

# ACHOIMRE AR AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

https://eiopa.europa.eu/

eiopa
European Insurance and Occupational Pensions Authority

Cover photo: © AdobeStock

PDF ISBN 978-92-9473-329-0 doi:10.2854/648710 EI-01-21-439-GA-N

More information on the European Union is available on the internet (http://europa.eu).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021

© EIOPA, 2021
Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a admháil.

PETER BRAUMÜLLER



# BROLLACH ÓN LEAS-CHATHAOIRLEACH

Tá áthas orm an tuarascáil seo maidir le gníomhaíochtaí ÚEÁPC in 2020 a chur i láthair.

Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar obair an Údaráis i rith na bliana. I measc na ngníomhaíochtaí a chuireamar i gcrích i rith na bliana bhí bearta láithreacha a chur i bhfeidhm chun cur ar chumas na hearnála díriú ar a leanúnachas gnó féin agus ar a hoibleagáidí do shealbhóirí polasaí agus do thairbhithe chun faisnéis a chur ar fáil go díreach do thomhaltóirí maidir leis an méid ar cheart dóibh a bheith ag súil leis óna gcuideachta árachais.

Leag an phaindéim béim ar an tábhacht a bhaineann le saincheisteanna maidir le cosaint tomhaltóirí. Is tosaíocht fós é sin do ÚEÁPC agus i rith na bliana shonraíomar ráiteas ina soiléirítear ionchais mhaoirseachta maidir le ceanglais a bhaineann le maoirseacht agus rialachas táirgí i gcomhthéacs COVID-19. Ina dhiaidh sin, rinneamar ár gcur chuige maidir le maoirseacht agus rialachas táirgí a shainiú. Níl anseo ach gné amháin den obair a rinneamar chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú i rith na bliana.

Ó thaobh na maoirseachta de, tríd is tríd, is cosúil gur fheidhmigh na creataí rialála a bunaíodh chun cobhsaíocht na n-earnálacha a áirithiú, de réir mar a beartaíodh i rith na paindéime. Chuidigh na maoláin chaipitil rioscabhunaithe a tiomsaíodh le Sócmhainneacht II leis na hárachóirí déileáil leis na suaití margaidh tromchúiseacha tosaigh a d'eascair as géarchéim COVID-19.

Agus ár dTuairim maidir le Sócmhainneacht II á foilsiú againn ag deireadh na bliana, bhíomar in ann faisnéis a bhailiú faoi thionchar COVID-19 ar thionscal an árachais agus léiríodh sa Tuairim deiridh cur chuige cothrom a thug aird ar na tréimhsí dúshlánacha.

Ó thaobh cobhsaíocht airgeadais de, in 2020 bhí ár n-iarracht dírithe ar mhaolú éifeachtaí phaindéim COVID-19 agus ar mhonatóireacht a dhéanamh orthu. I measc na samplaí dár gcuid oibre sa réimse seo bhí ár Ráiteas maidir le dáileadh díbhinní agus beartais luacha saothair inathraithe i gcomhthéacs COVID-19, ár nDeais Rioscaí agus monatóireacht agus tuairisciú rialta ar chobhsaíocht airgeadais.

Rinneamar dul chun cinn i réimse na bpinsean, go háirithe trí bhailchríoch a chur ar an rialachán maidir leis an táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach, nó PEPP, agus ar ár gcuid oibre a chur chun cinn i réimsí na deaise pinsean agus an chórais rianaithe pinsean. Beidh na trí ghné sin tábhachtach chun déileáil le bearnaí pinsean.

Chuir paindéim COVID-19 dlús leis an úsáid atá á baint ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí as teicneolaíocht dhigiteach. Leanamar lenár gcuid oibre sa réimse seo a fhorbairt, áit arb é ár n-aidhm uileghabhálach cur ar chumas an tomhaltóra leas a bhaint as an nuálaíocht dhigiteach, ach gan dochar a dhéanamh di.

Rinneamar dul chun cinn suntasach freisin i réimse an airgeadais inbhuanaithe, lena n-áirítear tacú le tacsanomaíocht AE a fhorbairt, agus raon gníomhaíochtaí i réimse an athraithe aeráide.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid atá déanta ag ár mbaill Bhoird chun cabhrú linn an sainordú atá againn in 2020 a chomhlíonadh agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bpobal institiúideach agus geallsealbhóirí níos leithne as a gcomhar cuiditheach. Ba mhaith liom ómós a léiriú freisin do chathaoirleacht Gabriel Bernardino, a stiúraigh ÚEÁPC le linn na bliana deacra seo. Tá meas ar a scileanna ceannaireachta agus ar a fhís straitéiseach.

Ag féachaint chun cinn, ní féidir beag is fiú a dhéanamh de ról na n-árachóirí agus na gcistí pinsin i dtéarnamh eacnamaíoch COVID-19. Tá plean téarnaimh an Aontais don Chéad Ghlúin Eile de chuid an Aontais Eorpaigh bunaithe ar aistrithe glasa agus digiteacha agus tá Aontas na Margaí Caipitil á chothú agus na trí ghné sin nasctha le ról na n-earnálacha árachais agus pinsean. Sna blianta amach romhainn, cuirfimid lenár n-éachtaí in 2020 chun a áirithiú go mbeidh na hearnálacha árachais agus pinsean san Eoraip mar bhonn le téarnamh inbhuanaithe a rachaidh chun tairbhe don gheilleagar, don tsochaí agus don phobal.



FAUSTO PARENTE

# RÉAMHRÁ ÓN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

Cosúil le gach eagraíocht, in 2020, b'éigean dúinn ár modh oibre a oiriúnú chun imthosca na paindéime a chur san áireamh. Bhíomar in ann dul in oiriúint go tapa a bhuíochas lenár gcultúr oibre seanbhunaithe, lenár ndearcadh solúbtha agus leis an timpeallacht sheasmhach atá againn ó thaobh theicneolaíocht na faisnéise.

Leagamar béim ar ár bpríomhghnó ionas go bhféadfaimis faireachán a dhéanamh go tapa agus go leanúnach ar na rioscaí sa mhargadh agus an beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhféadfadh earnáil an árachais agus na bpinsean ceirde leanúint de shochair a sholáthar dá sealbhóirí polasaí agus dá dtairbhithe.

Mar sin féin, d'éirigh linn leanúint lenár spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach agus is cúis áthais dom a thabhairt faoi deara gur bhaineamar amach na príomhtháscairí feidhmíochta uile, go raibh ardchaighdeán ag baint leis na ceithre thosaíocht straitéiseacha, chomh maith lenár dtéamaí leathana, i.e. airgeadas agus digitiú inbhuanaithe.

I rith na bliana, bhíomar ag brath ar ullmhacht ár bhfoirne chun oibriú i gcúinsí deacra. Chuireamar ár bhfoghlaim agus ár bhforbairt in oiriúint don timpeallacht ar líne ionas go bhféadfaimis oiliúint bhreise a chur ar fáil dár bhfoireann chun teacht aniar agus forbairt fhoriomlán a chothú. Sa chomhthéacs seo, ba mhian liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne as a dtiomantas i rith na bliana.

In 2020, bhain an tÚdarás úsáid éifeachtach agus fhreagrach as acmhainní. In 2020 bhí buiséad oibriúcháin an Údaráis cothrom le EUR 29.4 milliún agus faoi dheireadh na bliana bhí 100% de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 82.2 % de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí curtha chun feidhme. I dtéarmaí acmhainní daonna, d'fhás an tÚdarás freisin, agus bhí 146 post líonta ag deireadh 2020.

Cuireann ÚEÁPC a chuid oibríochtaí i gcrích de réir rialacháin an AE, agus oibríonn sé ar bhealach oscailte agus trédhearcach. Mar chuid dár gcuntasacht, táimid faoi réir iniúchtaí bliantúla atá á ndéanamh ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh agus ag ár n-iniúchóir inmheánach féin. Fáiltíonn ÚEÁPC roimh an gcomhar le gach institiúid Eorpach agus bhí sé rannpháirteach go rialta i gcruinnithe grinnscrúdaithe i bParlaimint na hEorpa lena n-áirítear, i mí Dheireadh Fómhair 2020, éisteacht os comhair an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta Pharlaimint na hEorpa.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhaineamar tairbhe as dlúthchomhar le contrapháirteanna in údaráis inniúla náisiúnta agus as caidreamh tairbheach le baill dár mBord Bainistíochta agus dár mBord Maoirseoirí.

Leanamar le hionchur a lorg ó rogha leathan páirtithe leasmhara chun bonn eolais a sholáthar dár gcuid oibre, go háirithe trínár ngrúpaí geallsealbhóirí, agus trí chomhairliúcháin agus imeachtaí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don mhéid a rinne Gabriel Bernardino, ní hamháin as a chuid ceannaireachta in 2020, ach freisin as a thiomantas ÚEÁPC a fhorbairt le linn a dhá shainordaithe mar Chathaoirleach, mar údarás maoirseachta Eorpach aitheanta agus dea-fheidhmiúil.

Mar eagraíocht, táimid tiomanta i gcónaí d'oibriú go hinbhuanaithe agus arís tá ráiteas ar an gcomhshaol curtha san áireamh i dtuarascáil na bliana seo.

Ag féachaint chun cinn, leanfaimid lenár gcuid oibre agus modhanna oibre a chur in oiriúint do na gnáthmhodhanna oibre nua, de réir mar a bheimid ag díriú ar a áirithiú gur féidir le hearnáil an árachais agus na bpinsean ról a imirt i dtéarnamh inbhuanaithe na hEorpa.

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Tá COVID-19 ar cheann de na himeachtaí is mó a chuir isteach ar an domhan trí chéile i rith na haoise seo agus bhí tionchar forleathan aige, mar aon le himpleachtaí do theaghlaigh agus do gheilleagair ar fud an domhain. In 2020, i ndiaidh thús phaindéim COVID-19, bhí gníomhaíochtaí ÚEÁPC dírithe ar ghníomhaíochtaí maoirseoirí a chomhordú chun cur chuige maoirseachta coiteann agus comhsheasmhach a áirithiú ar fud na mBallstát. Ón tús, bhí gníomhaíochtaí ÚEÁPC dírithe ar leanúnachas gnó a áirithiú ag céimeanna tosaigh na géarchéime, ar chobhsaíocht na hearnála árachais agus na hearnála pinsean a áirithiú, agus ar an tionchar ar thomhaltóirí a mhaolú.

Chuige sin, d'fhoilsigh ÚEÁPC faisnéis faoin ráta agus faoin maolú cothromais saor ó riosca ar bhonn seachtainiúil, ar dtús, agus ar bhonn coicíse ina dhiaidh sin, i rith na tréimhse lenar bhain an méid is mó éiginnteachta. Ina theannta sin, d'fhoilsigh ÚEÁPC treoir do thomhaltóirí maidir le cumhdach árachais le linn ráig COVID-19, ráitis maidir le haitheantas Shócmhainneacht II do scéimeanna bunaithe ar atháráchas agus tuairisciú maoirseachta Shócmhainneacht II i gcomhthéacs COVID-19. Anuas air sin, d'fhoilsigh ÚEÁPC ráitis maidir le tionchar COVID-19 ar an earnáil pinsean ceirde agus árachais a mhaolú lena gcumhdaítear saincheisteanna a bhaineann le leanúnachas gnó agus sócmhainneacht gnó agus staid an chuntais chaipitil.

I gcomhréir leis an bhfreagracht atá air faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí margaidh, rinne ÚEÁPC roinnt measúnuithe spriocdhírithe chun tacú lena thuiscint agus lena chinnteoireacht i bhfianaise na héifeachta suntasaí a bheadh ag géarchéim COVID-19 ar mhargaí airgeadais agus ar an bhfíorgheilleagar. Ina theannta sin, rinne ÚEÁPC measúnú cúramach ar an gcás agus ar a thionchar i gcomhthéacs a chreata chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú.

Bhainistigh ÚEÁPC a chuid oibre ar bhealach solúbtha agus lean sé lena hiarrachtaí a shainordú a chur chun feidhme.

## MAOIRSEACHT AGUS RIALÁIL GNÓ A CHUR CHUN CINN

Tugtar sainordú do ÚEÁPC trína Rialachán chun ról ceannasach a ghlacadh i gcur chun cinn na trédhearcachta, na simplíochta agus na cothroime sa mhargadh inmheánach.

Lean ÚEÁPC ag díriú ar réimsí ina bhféadfaí creat rialála níos fónta a chur chun cinn tuilleadh agus feabhas a chur ar fheasacht tomhaltóirí agus é ag súil le hathbhreithnithe reachtacha cuimsitheacha atá beartaithe ag an gCoimisiún ar an Treoir um Dháileadh Árachais (IDD) agus ar an Rialachán maidir le táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna).

Chomh maith leis sin, dhírigh ÚEÁPC ar roinnt tionscnamh sonrach in 2020 a raibh sé mar aidhm leo feasacht agus tuiscint tomhaltóirí a fheabhsú in earnáil an árachais agus na bpinsean, agus eisíodh treoir do thomhaltóirí maidir le Brexit agus forbraíodh leathanach gréasáin idirghníomhach maidir le hoideachas airgeadais.

In 2020, lean ÚEÁPC lena chreat cuimsitheach rioscabhunaithe agus coisctheach a chur chun feidhme maidir le maoirseacht ghnó a dhéanamh trí úsáid a bhaint as cumhachtaí idirghabhála táirgí ÚEÁPC, raon uirlisí maoirseachta, lena n-áirítear treochtaí leanúnacha tomhaltóirí agus obair faireacháin ar an margadh, agus cuairteanna ar údaráis náisiúnta inniúla (ÚNInna).

## CÓINEASÚ I DTREO MAOIRSEACHT STUAMACHTA AR ARDCHAIGHDEÁN A STIÚRADH

Cuid lárnach d'obair ÚEÁPC é cur chuige comhchoiteann Eorpach maidir le maoirseacht.

Chuir ÚEÁPC a Thuairim ar fáil don Choimisiún Eorpach i mí na Nollag 2020, ag cur san áireamh an tábhacht a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar thionchar staid reatha COVID-19 ar an Athbhreithniú ar Shócmhainneacht II. Ina theannta sin, d'fhoilsigh ÚEÁPC Leabhar Rialacha Idirghníomhach Shócmhainneacht II, uirlis ar líne atá éasca le húsáid.

I rith na bliana, lean ÚEÁPC lena ghníomhaíochtaí maoirseachta le rannpháirtíocht ghníomhach i gcoláistí trasteorann, agus bhunaigh sé tuilleadh ardán comhair trasteorann chun feabhas a chur ar chomhar níos láidre agus níos tráthúla idir na ÚNInna maidir le cásanna nithiúla trasteorann, rud a chumasaíonn sainaithint agus measúnú níos tapúla ar rioscaí i ngnó trasteorann. Ag deireadh 2020, bhí ÚEÁPC gníomhach ar 6 ardán agus bhí 21 údarás maoirseachta náisiúnta páirteach san obair.

Ag leibhéal idirnáisiúnta, chuidigh ÚEÁPC leis an gCaighdeán Caipitil Árachais (ICS) agus leis an Creat Iomlánaíoch maidir le Rioscaí Sistéamacha a fhorbairt chomh maith le measúnú an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil creat árachais na Ríochta Aontaithe comhionann le Sócmhainneacht II. Rinne ÚEÁPC iarratais ar fhaisnéis agus moltaí freisin maidir le hullmhacht chun tionchar Brexit ar shealbhóirí polasaithe AE a laghdú.

In 2020, chuir ÚEÁPC bailchríoch ar an athbhreithniú Piaraí ar na cleachtais mhaoirseachta agus ar na torthaí ar úsáid na comhréireachta i dtaca leis an Tuarascáil Rialta Maoirseachta agus rinne sé an t-athbhreithniú Piaraí ar fhorálacha malartaithe faisnéise maidir le húdarú, fógra agus maoirseacht ar bhonn leanúnach, atá san áireamh i gCinneadh ÚEÁPC maidir le comhoibriú na n-údarás maoirseachta árachais.

Ar deireadh, rinne ÚEÁPC tuilleadh oibre maidir lena áirithiú go ndéanfaí an Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach a ullmhú agus a chur chun feidhme go fónta trí Dhoiciméad Faisnéise Bunriachtanaí (KID) an Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (PEPP) agus Ráiteas Sochar PEPP a fhorbairt.

## COBHSAÍOCHT AIRGEADAIS EARNÁIL AN ÁRACHAIS AGUS EARNÁIL NA BPINSEAN CEIRDE A NEARTÚ

In 2020, i gcomhréir leis an bhfreagracht atá air faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí margaidh, rinne ÚEÁPC roinnt measúnuithe spriocdhírithe chun tacú lena thuiscint agus lena chinnteoireacht i bhfianaise na héifeachta suntasaí a bheadh ag géarchéim COVID-19 ar mhargaí airgeadais agus ar an bhfíorgheilleagar. Ina theannta sin, rinne ÚEÁPC measúnú cúramach ar an gcás agus ar a thionchar i gcomhthéacs a chreata chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú.

D'fhoilsigh ÚEÁPC Ráiteas Maoirseachta maidir le tionchar na timpeallachta ráta úis sáríseal/diúltach, ina leagtar béim ar an tionchar suntasach ar earnáil an árachais san Aontas, i dtéarmaí leithdháileadh sócmhainní, riosca athinfheistíochta, brabúsacht agus sócmhainneacht.

I mí an Mheithimh 2020, d'fhoilsigh ÚEÁPC an Dara Páipéar Plé maidir le Prionsabail Mhodheolaíochta um Thástáil Strus Árachais le haghaidh comhairliúcháin phoiblí, d'fhonn an bosca uirlisí don tástáil struis a fheabhsú tuilleadh trí ghnéithe breise a chur leis a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gcleachtaí amach anseo.

## TÉAMAÍ TRASNACHA

Lean ÚEÁPC lena chuid oibre i réimse an airgeadais inbhuanaithe trí thacú le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Maoiniú Inbhuanaithe.

In 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás a chéad mheasúnú mionsonraithe ar rioscaí aistrithe a bhaineann leis an athrú aeráide mar aon le páipéar buncheisteanna ina léirítear cur chuige féideartha chun athléimneacht na sochaí i gcoinne rioscaí de chineál sistéamach a fheabhsú trí réitigh athléimneachta comhroinnte a fhorbairt.

D'fhoilsigh ÚEÁPC páipéar plé maidir le frithghealladh agus praghsáil neamhshaoil i bhfianaise an athraithe aeráide mar obair leantach a d'eascair ón tuairim maidir le hinbhuanaitheacht laistigh de Shócmhainneacht II, inar thug ÚEÁPC faoi deara gurb ionann argóint an-choitianta maidir le gnóthais neamhshaoil gan rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide a áireamh agus nádúr árachais ghearrthéarma fhormhór na gconarthaí.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh ÚEÁPC páipéar plé ar an modheolaíocht a bhain le hathrú aeráide a chur san áireamh san fhoirmle chaighdeánach maidir le tubaiste nádúrtha, inar pléadh an gá agus na modheolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun an t-athrú aeráide a chur san áireamh i gcalabrú tubaiste nádúrtha an cheanglas maidir le caipiteal sócmhainneachta.

Chuir paindéim COVID-19 dlús le claochlú digiteach na sochaí. Chuir ÚEÁPC obair i gcrích i ndáil le ngnéithe éagsúla den digitiú, den chibear-athléimneacht agus den airgeadas digiteach. Shainigh ÚEÁPC Straitéis um Theicneolaíocht Mhaoirseachta (SupTech) a bhfuil sé mar chuspóir aici an úsáid atá á baint ag maoirseoir as teicneolaíocht a chur chun cinn. Ina theannta sin, ghlac ÚEÁPC le Straitéis Cibear-fhrithgheallta, mar chuid de mhisean níos leithne ÚEÁPC dul chun cinn fónta teicneolaíoch a chur chun cinn ar mhaithe le geilleagar an Aontais Eorpaigh agus a chuid saoránach.

Reáchtáil ÚEÁPC comhairliúchán poiblí i rith shamhradh 2020 chun léargas níos fearr a fháil ar an ilroinnt a d'fhéadfadh a bheith á déanamh ar shlabhra luacha árachais an Aontais Eorpaigh agus ar dhúshláin mhaoirseachta ghaolmhara agus d'fhoilsigh sé páipéar plé maidir le slabhra luacha (ath)árachais agus samhlacha nua gnó a d'eascair as an digitiú.

## AN SAINORDÚ A CHUR I GCRÍCH GO HÉIFEACHTACH AGUS GO HÉIFEACHTÚIL

In 2020, d'fhreagair ÚEÁPC go héifeachtach do shrianta san ionad oibre mar thoradh ar COVID-19 agus lean sé air ag neartú a chumais eagrúcháin. Trína chuid acmhainní a bhainistiú ar bhealach solúbtha, bhíothas in ann cinnteoireacht bhrostaithe a dhéanamh rud a chuir ar chumas ÚEÁPC a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, na cuspóir sin atá sonraithe sa chlár oibre bliantúil le haghaidh 2020 i dtimpeallacht COVID-19. Lean foireann agus comhlachtaí rialaithe agus meithleacha ÚEÁPC ag obair go cianda agus bhain siad tairbhe as na sreafaí oibre uathoibríocha a bhí i bhfeidhm cheana féin.

# CAIRT EAGRÚCHÁIN

**Cathaoirleach**
*Gabriel Bernardino*
1 AD
2 AST

*Fausto Parente*
1 AD
1 AST

***Cuntasaíocht***
1 AD

***An Roinn Gnóthaí Corparáideacha***
Susanne Rosenbaum
1 AD
1 CA

***An Roinn Beartais***
Justin Wray
1 AD
1 CA

*Foireann Polasaí Árachais*
4 AD
2 SNI

*An Fhoireann um Beartas Pinsin*
3 AD
1 SNI

*Idirndisiúnta agus Inbhuanaithe An Fhoireann Airgeadais*
6 AD

*An Fhoireann um Measúnú Tionchair*
1 SNI

***Roinn na bPróiseas Maoirseachta***
Ana Teresa Moutinho
1 AD
1 CA

***An tAonad um Chóineasú Maoirseachta***
Giovanni Rago
6 AD
2 AST
2 SNI

***An tAonad um Anailís ar Shonraí agus um Próisis***
Daniel Perez
11 AD
1 CA

***An Roinn Maoirseachta***
Patrick Hoedjes
1 AD
1 CA

***Aonad Maoirseachta 1***
6 AD
1 CA
2 SNI

***Aonad Maoirseachta 2***
2 AD
3 SNI

***Aonad na Samhlacha Inmheánacha***
6 AD
1 SNI

***An Roinn um Chosaint Tomhaltóirí***
Fausto Parente (eatramhach)

*Foireann an Bheartais Iompar Gnó*
4 AD
1 SNI

***An tAonad um Fhaireachán ar Iompar Gnó***
Timothy Shakesby
8 TA
2 SNI

***An Roinn Rioscaí agus Cobhsaíocht Airgeadais***
Dimitris Zafeiris
1 AD
1 AST
1 CA

*An Fhoireann um Chosc Géarchéime*
2 AD
1 SNI

*An Fhoireann um Chobhsaíocht Airgeadais*
10 AD
1 SNE

*An Fhoireann Staidéir agus Staidrimh*
4 AD

***An Roinn um Thacaíocht Chorparáideach***
Danny Janssen
3 AD
1 AST
2 CA
Lena n-áirítear Slándáil, Rialú Inmheánach, Pleanáil,
Tuairisciú, Doic. Bainistíocht

***An tAonad TF***
*Philip Kitzmantel*
4 AD
5 AST
2 CA
1 SNI

***An tAonad Acmhainní Daonna***
Fatima Diago-Villescas
4 AD
1 AST
3 CA
1 SNI

***Airgeadas & Corparáideach An tAonad Seirbhísí***
Inga Naumane
3 AD
1 AST
5 CA

*An Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha*
1 AD
3 CA

## TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE HINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

### Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad Eolais "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: https://europa.eu/european-union/contact_ga

### Ar an bhfón nó le ríomhphost

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach: Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),

— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696, nó

— le ríomhphost, tríd an suíomh: https://europa.eu/european-union/contact_ga

## EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

### Foilseacháin de chuid an Aontais

Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: https://op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag: http://eur-lex.europa.eu

### Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach

Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (http://data.europa.eu/euodp/ga). Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála.

**EUROPEAN INSURANCE AND OCCUPATIONAL PENSIONS AUTHORITY**

Westhafenplatz 1,
60327 Frankfurt am Main, Germany

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh